2026/1719

14.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1719 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/2377 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Samhain 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2377 ([1]) lenar bunaíodh beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

(2) Ba cheart bainistiú an bhirt cúnaimh sin a athrú ó bhainistíocht dhíreach go bainistíocht indíreach, ós rud é go gcomhlíonann an gníomhaí cur chun feidhme na coinníollacha is gá anois.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2025/2377 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh (CBES) 2025/2377

I gCinneadh (CBES) 2025/2377, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(2):

‘2. Is é *Économat des Armées* a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme.’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2025/2377 ón gComhairle an 24 Samhain 2025 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L, 2025/2377, 25.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2377/oj).